Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2025

# Scoileanna Caitliceacha: Beo i gCríost

## 19–25 Eanáir 2025

## An Mháirt: Saol Iomlán Beo i Measc Phobal an Chreidimh



**Réamhrá**
"Nílimid ag brath ach ar dhuine maith amháin leis an dóchas a athbhunú.' (An Pápa Proinsias, *Laudato Si'*, 71)

'Caithimid an saol lách a chleachtadh, agus grá a thabhairt do chách, fiú mura dtugann siadsan grá dúinne.' (An Pápa Proinsias, via Twitter/X)

'Iarrtar orainne a bheith mar thógálaithe na síochána, trí aontú a dhéanamh seachas roinnt, tríd an fuath a scaoileadh uainn agus a scrios, tríd an dialóg a éascú, agus gan bac nua ar bith a thógáil!' (An Pápa Proinsias, ag caint le toscairí ag Cruinniú Domhanda na Síochána, 30 Meán Fómhair 2013)

## Gníomhaíochtaí Molta

- Bileog Oibre 1, ar fáil thíos (lth. 5).
- Bileog Oibre 2, ar fáil thíos (lth. 6).
- Eagraigh seirbhís urnaí gearr, nó tráth urnaí mar atá thíos (lth.4).
- Iarr ar na daltaí nótaí Post-it a chur ar chlár urnaí nó ar bhallaí an tseomra ranga, a chuireann síos ar ghníomhartha cineálta (seasamh in áit an duine eile, bheith smaointeach faoin duine eile – is rud riachtanach é seo nuair a bhainimid le pobal Críostaí).
- Déan grúpaí beaga de na daltaí. Tabhair gné amháin de Christus Vivit dóibh le plé – an dóchas, an muintearas, an glao pearsanta.
- Iarr ar na daltaí póstaer a chruthú le focail is pictiúir air a chiallaíonn 'Bheith beo i gCríost = freastal ar an bpobal creidimh'. Scríobh samplaí maidir leis an bhfreastal a dhéanaimid sa pharóiste nó san eaglais áitiúil.
- Iarr ar na daltaí ceol a lua a chuireann an dóchas/lúcháir in iúl. Seinn an ceol seo mar chúlra nuair a bhíonn na póstaeir á ullmhú. Sula gcuirtear deireadh leis an rang, déan machnamh faoi atmaisféar an ranga, conas mar a mhothaigh na daltaí, an rabhadar sásta, an raibh obair mhaith déanta. Mínigh dóibh go gcabhraíonn an t-atmaisféar seo le dea-thoil a chruthú i rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha ionas go méadófar ar fholláine na scoláirí maidir le bheith beo i gCríost.
- Smaoinigh-Péireáil-Roinn: Conas is féidir linn déileáil go deimhneach le pobal na hEaglaise áitiúla?
- Roinn na daltaí i ngrúpaí beaga 3/4 agus iarr orthu, 'Conas mar is féidir linn ár gcuid lúcháire, ár gcuid dóchais, an chrógacht a roinnt leis an duine eile?' Scríobh liosta de na bealaí ina mbíonn taithí againne ar a leithéid lenár gcairde féin.
- Déanadh na daltaí rólimirt maidir leis na hamanna ina mbíonn easpa cineáltais ann, m.sh. ar na meáin shóisialta (Snapchat/TikTok), i measc an teaghlaigh, ar scoil, ag imirt spóirt, 7rl.
- Déanadh na daltaí rólimirt maidir leis na bealaí ina gcuireann an cineáltas le fuinneamh anama.

## Acmhainn Ceoil

Seinn ceann de na hamhráin seo a chuireann síos ar théama an mhuintearais:
'Community' le Damien Dempsey: https://www.youtube.com/watch?v=bkkaYT8LV1E

'Refugee' le Paddy Casey: https://www.youtube.com/watch?v=QKTCHOOpp6Q

'What a Wonderful World' le Playing for Change:
https://www.youtube.com/watch?v=ddLdoQRf7Vg

**Machnamh mar Chonclúid**

Seo taithí pearsanta a bhí agamsa. Is aoibhinn liomsa an tseacláid, agus an barra is ansa liom ná an Galaxy na seacláide bainne dorcha. Lá amháin, thug mé barra liom chun na hoibre agus d'fhág mé ar chuntar na cistine é a fhad is a bhí cupán tae á ullmhú agam. Sula bhféadfainn é a dhéanamh áfach, ghlaoigh an rúnaí orm dul chun an guthán a fhreagairt.

Nuair a d'fhill mé ar an gcistin, ní raibh tásc ná tuairisc ar mo bharra Galaxy. Rith sé liom go raibh duine de mo chomhghleacaithe san obair tar éis seilbh a ghlacadh air, ag ceapadh gur do chách le roinnt é. Bhí mé ag éirí feargach agus fonn orm aghaidh a thabhairt ar an duine a ghoid mo bharra seacláide.

Bhí an t-ádh orm gur fhan mé go fóill, gur aithin mé an mearbhall a bhí orm, agus gur thuig mé nárbh é an rud ba chliste le déanamh é, duine de mo chomhghleacaithe a chiontú. Ghlac mé anáil dhomhain agus bhreathnaigh mé thart.

Bhfuil a fhios agaibh cad a tharla? Bhí an barra luachmhar Galaxy tar éis titim siar idir an cuntar is an cuisneoir. Nárbh ormsa an t-ádh nár thóg mé raic agus mo chomhghleacaithe a chiontú! Toisc gur thóg mé go bog é ar feadh nóiméid, bhí deis ag m'intinn a rá liom, feidhmiú de réir na luachanna saoil a leanaim, in ionad dul leis an gcéad rud a rith liom.

(le Elizabeth Öhlböck, iris *Living City*, Iúil 2022)



# Seirbhís Urnaí/Tráth Urnaí

### Sliocht



'Mar bhaill na hEaglaise, ní ceart dúinn seasamh i leataobh ó dhaoine eile. Ba cheart go mbeadh meas ag cách orainn mar chairde is mar chomharsana, mar a bhí ag na haspail, "agus bhí gnaoi an phobail orthu" (Gn. 2:47; cf. 4:21, 33; 5:13). Ba cheart go mbeadh an dánacht ionainne, mar sin féin, a bheith éagsúil ó thaobh na hidéil osnádúrtha de; áilleacht na flaithiúlachta, an mhaithiúnais, an fhreastail, an ghlaine, na dílseachta, na buanseasmhachta, na hurnaí a chur i lár an aonaigh, agus an glao pearsanta a fhreagairt, an leas coiteann a lorg, agus tóraíocht an cheartais, an grá i leith na mbochtán agus an cairdeas sóisialta a chleachtadh inár saol féin.' (An Pápa Proinsias, *Christus Vivit*, 36)

### Urnaí

Cabhraigh linn a Dhia, a bheith buíoch as na pobail lena mbainimid – an teaghlach, na cairde, an paróiste, na cumainn spóirt agus gach aon cheann eile ina mbímid gníomhach. Cuireann siad go mór lenár gcuid folláine, cabhraíonn siad linn forás a dhéanamh, an dóchas a lorg, saol iomlán beo a chaitheamh. Tuigimid nach bhfuil a leithéid de rud ann agus pobal foirfe. Daoine easpacha cosúil linn féin a dhéanann an pobal daonna. Cabhraigh linn a bheith tuisceanach agus glacadh leis na lochtanna a bhaineann le cách, agus iarracht a dhéanamh daoine a thabhairt aníos, seachas iad a bhrú síos.

### Ceol Machnamhach

Cuir tráth ciúin machnamhach ar fáil.

Seinn 'These Hands' le Dave Gunning: https://open.spotify.com/track/63p3mt7015kbuAbHABoLi3

### Sliocht ó na Scrioptúir:

'Impímid oraibh, a bhráithre, foláireamh a thabhairt do na daoine neamhchúiseacha, na daoine faiteacha a spreagadh, cabhrú leis na laga agus bheith foighneach le cách uile.' (1 Teasalónaigh 5:14)

'Tháinig mise chun go mbeadh an bheatha acu agus go mbeadh sí acu go fial.' (Eoin 10:10).

'Óir, mar a mbíonn beirt nó triúr tagtha i gceann a chéile i m'ainmse, bím féin ansin ina measc.' (Matha 18:20)

'Déanaigí ualaí a chéile a iompar agus sa tslí sin beidh sibh ag comhlíonadh dlí Chríost.' (Galataigh 6:2)

### Ceol Machnamhach

Cuir tráth ciúin machnamhach le ceol uirlise ar fáil.

Cuir críoch le cúrsaí trí 'Slane' le Bobby Fisher a sheinm: https://open.spotify.com/track/4FzcyhUdMoTQuG7rrnw7eW

# Bileog Oibre 1

Éist le 'These Hands' le Dave Gunning.

Audio amháin: https://open.spotify.com/track/63p3mt7015kbuAbHABoLi3

Le Físeán: https://youtu.be/wX_olhXWutU

Déan machnamh ar an amhrán agus freagair na ceisteanna.

1. Cad a deir an t-amhrán faoin bhfreastal a dhéanamh i measc an phobail?

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

2. Conas mar a d'fhéadfadh an leithleachas a bheith mar bhac ar an ngaol fiúntach?

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

3. Dá mbeimis gníomhach i measc an phobail, conas mar a chabhródh sé lenár gcuid folláine féin?

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

4. Déan liosta de na pobail éagsúla lena mbaineann tú.

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

# Bileog Oibre 2

Léigh an sliocht thíos agus freagair na ceisteanna.

> Seo taithí pearsanta a bhain agamsa. Is aoibhinn liomsa an tseacláid, agus an barra is ansa liom ná an Galaxy na seacláide bainne dorcha. Lá amháin, thug mé barra liom chun na hoibre agus d'fhág mé ar chuntar na cistine é a fhad is a bhí cupán tae á ullmhú agam. Sula bhféadfainn é a dhéanamh áfach, ghlaoigh an rúnaí orm dul chun an guthán a fhreagairt.
>
> Nuair a d'fhill mé ar an gcistin, ní raibh tásc ná tuairisc ar mo bharra Galaxy. Rith sé liom go raibh duine de mo chomhghleacaithe san obair tar éis seilbh a ghlacadh air, ag ceapadh gur do chách le roinnt é. Bhí mé ag éirí feargach agus fonn orm aghaidh a thabhairt ar an duine a ghoid mo bharra seacláide.
>
> Bhí an t-ádh orm gur fhan mé go fóill, gur aithin mé an mearbhall a bhí orm, agus gur thuig mé nárbh é an rud ba chliste le déanamh é, duine de mo chomhghleacaithe a chiontú. Ghlac mé anáil dhomhain agus bhreathnaigh mé thart.
>
> Bhfuil a fhios agaibh cad a tharla? Bhí an barra luachmhar Galaxy tar éis titim siar idir an cuntar is an cuisneoir. Nárbh ormsa an t-ádh nár thóg mé raic agus mo chomhghleacaithe a chiontú! Toisc gur thóg mé go bog é ar feadh nóiméid, bhí deis ag m'intinn a rá liom feidhmiú de réir na luachanna saoil a leanaim, in ionad dul leis an gcéad rud a rith liom.

(le Elizabeth Öhlböck, iris *Living City*, Iúil 2022)

1. Cad é brí an scéil, i do thuairim féin?

______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________

2. Cad iad na cáilíochtaí a chabhraíonn le pobal fiúntach a chruthú?

______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________

3. Conas is féidir leatsa a bheith gníomhach agus cabhrú i measc an phobail?

______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________

4. Cad iad na fachtóirí a chuirfeadh bac ar fhorás fiúntach an phobail?

______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________